

ATHBHREITHNIÚ AR THUAIRISCÍ NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA AR AN LITEARTHACHT AGUS AN UIMHEARTHACHT



An Chigireacht

© 2016 An Roinn Oideachais agus Scileanna

Arna fhoilsiú ag:
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Is féidir an tuarascáil seo a fháil ar
www.education.ie

Clár Ábhar

1. RÉAMHRÁ	4
2. PRÍOMHTHORTHAÍ TUAIRISCÍ AR LITEARTHACHT.....	4
Torthaí léitheoireachta bunleibhéil	4
Torthaí Léitheoireachta Iar-bhunleibhéil	5
Torthaí léitheoireachta i measc daoine lánfhásta in Éirinn	5
Múineadh na litearthachta	5
Tacaíochtaí le forbairt na litearthachta	6
Litearthacht - achoimre	6
3. PRÍOMHTHORTHAÍ TUAIRISCÍ AR UIMHEARTHACHT.....	6
Torthaí uimhearthachta bunleibhéil	6
Torthaí uimhearthachta iar-bhunleibhéil	7
Torthaí uimhearthachta do chohóirt áirithe daltaí	7
Torthaí uimhearthachta i measc daoine lánfhásta in Éirinn	7
Teagasc na Matamaitice	7
Uimhearthacht - achoimre	8
Tacaíochtaí le forbairt na huimhearthachta	8
4. SCOILEANNA CDSS (DEIS).....	9
5. CONCLÚIDÍ AGUS GNÍOMHARTHA AMACH ANSEO	10
AGUISÍN 1: MEASÚNACHTAÍ NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA: BUNLEIBHÉAL	11
1.1: Measúnú Náisiúnta Léamh an Bhéarla agus Matamaitice 2014	11
1.2: Torthaí 2011 PIRLS agus TIMSS sa Léamh, sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht d'Éirinn	13
AGUISÍN 2: MEASÚNACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA: IAR-BHUNLEIBHÉAL.....	14
2.1: Feidhmíocht Dhaltaí na hÉireann sa Chlár Idirnáisiúnta Measúnóireachta Daltaí (PISA), 2012	14
2.2: Feidhmíocht Mhic Léinn na hÉireann i Measúnacht Ríomhbhunaithe Réiteach Fadhbanna PISA 2012	16

2.3: Tuairisc ar <i>Project Maths</i> agus PISA 2012	18
2.4: Daltaí, Ríomhairí agus Foghlaim - <i>Making the Connection</i> , EFCE, Meán Fómhair 2015	19
2.5: Litearthacht agus Uimhearthacht i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann i Staidéir Idirnáisiúnta (Shiel and Gilleece, 2015)	21
AGUISÍN 3: MEASÚNACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA: LITEARTHACHT AGUS UIMHEARTHACHT DAOINE FÁSTA	22
3.1: PIAAC 2012	22
AGUISÍN 4: MEASÚNUITHE CDSS (DEIS)	23
4.1: Measúnú an Chláir Tacaíochta Scoile (SSP) faoi CDSS (DEIS): Athruithe i nGnóthachtáil Daltaí i mBunscoileanna Uirbeacha idir 2007 agus 2013	23
4.2: Gnóthachtáil agus Tréithe Daltaí ag freastal ar Scoileanna Tuaithe in CDSS (DEIS), 2013	24
4.3: Tuairisc ar Mheasúnú CDSS (DEIS) ag an Dara Leibhéal (Foras Taighde ar Oideachas, 2014)	25
AGUISÍN 5: TUAIRISCÍ NA CIGIREACHTA	26
5.1: Tuairisc an Phríomhchigire 2010-2012	26

1. Réamhrá

Ó bhí 2011 ann, ghlac Éire páirt i roinnt measúnachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta sa litearthacht agus san uimhearthacht. Cuireann na measúnachtaí seo eolas úsáideach ar fáil faoi ghnóthachtaíil mac léinn agus daoine fásta sa litearthacht agus san uimhearthacht ar féidir leis bonn eolais a chur faoin athbhreithniú eatramhach ar *Literacy and Numeracy for Learning and Life - A National Strategy to Improve Literacy and Numeracy among Children and Young People 2011-2020*.

Ag an mbunleibhéal, cuimsíonn na measúnachtaí seo:

- Measúnachtaí Náisiúnta Léamh an Bhéarla agus na Matamaitice (NAERM) i 2014
- Staidéar ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht agus Léamh Idirnáisiúnta (PIRLS) i 2011 agus
- Staidéar Treochtaí i Mata agus in Eolaíocht (TIMSS) i 2011.

Ba é an Clár Idirnáisiúnta Measúnóireachta Mac Léinn (PISA) i 2012 an phríomhmheasúnacht iarbhunleibhéil, rud a spreag roinnt tuairiscí ina mbeidh spéis ag an athbhreithniú eatramhach ar an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta. I dtaca le daoine lánfhásta de, bhí Éire páirteach sa Chlár Idirnáisiúnta Measúnaithe Cumas Daoine Fásta (PIAAC), a rinneadh i 2012.

Lena chois sin, rinne an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) roinnt measúnuithe ar chur i bhfeidhm Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS), Plean Gníomhaíochta na Roinne don Chuimsiú Oideachasúil. I 2012, d'fhoilsigh Príomhchigire na Roinne tuairisc ar thorthaí cigireachtaí ar theagasc agus ar fhoghlaim i roinnt réimsí curaclaim, Matamaitic, léamh an Bhéarla agus na Gaeilge san áireamh.

Tugann an tuairisc seo forléargas ar phríomhthorthaí na measúnuithe agus na dtuairiscí éagsúla, agus sainaithnítear inti na réimsí tábhachtacha inar áiríodh dul chun cinn, réimsí atá le forbairt, agus impleachtaí do ghnéithe den soláthar taobh istigh den chóras oideachais. Tá mionachóimre i bhfoirm tábla sna hAguisíní ar phríomhthorthaí na measúnuithe agus na dtuairiscí uile.

2. Príomhthorthaí tuairiscí ar litearthacht

Tá fianaise ann ó mheasúnachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta gur coinníodh, ar a laghad ar bi th, an caighdeán a bhain daltaí bunleibhéil agus na sraithe sóisearaí de chuid na hÉireann amach sa litearthacht, murar tháinig feabhsú orthu.

Torthaí léitheoireachta bunleibhéil

Léirítear sna Measúnachtaí Náisiúnta Léamh an Bhéarla agus Matamaitice (NAERM), a rinneadh i 2014, an chéad fheabhsúchán suntasach sa léitheoireacht ag an mbunleibhéal a fuarthas sa mheasúnacht seo le breis agus 30 bliain. Tá laghdú tagtha ar an líon daltaí ag an gceann íseal den ghnóthachtaíil agus tá méadú tagtha ar an gcionroinn daltaí ardghnóthachtála sa léitheoireacht.

Mar sin féin, tá bearna inscne ann fós, agus is iad na cailíní is fearr. Éiríonn níos fearr le cailíní rang a 2 ag an mbunleibhéal ná mar a éiríonn le buachaillí; is fíor sin fosta i rang a 6, ach ní an oiread céanna. Is léir go go bhfuil gá le feidhmíocht buachaillí a fheabhsú, agus tríd sin a dhéanamh, riar ar a roghanna léitheoireachta go háirithe. Cé go bhfuil béim air seo sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta (NLNS), is féidir gur gá béim níos láidre a chur air i scoileanna.

Torthaí Léitheoireachta Iar-bhunleibhéil

Ar an iomlán, is fearr, i gcomparáid leis an meán idirnáisiúnta, feidhmíocht daltaí Éireannacha cúig bliana déag d'aois, mar atá le feiceáil i dtimthrialla comhleanúnacha de PISA, 2012 san áireamh. I gcoibhneas lena bpiaraí idirnáisiúnta, tá daltaí ísealghnóthachtála na hÉireann ag coinneáil a gcaighdeán feidhmíochta sa léitheoireacht, nó ag cur leis. Os a choinne sin, cé go bhfeidhmíonn daltaí ardghnóthachtála os cionn an mheánleibhéil sa léitheoireacht, tá spás ann go fóill le haghaidh feabhsúcháin. Is léir gur gá daltaí ardghnóthachtála a spreagadh le síneadh breise a bhaint astu féin.

Léiríonn na torthaí go bhfuil ag éirí go maith le daltaí na hÉireann, i gcoibhneas lena gcomhpháirtithe EFCE, i léitheoireacht chló agus dhigiteach. Bhí daltaí Éireannacha ar an dream ba mhó, go háirithe, a léirigh dianseasmhacht le tascanna casta sa léitheoireacht dhigiteach a chur i gcrích.

Torthaí Léitheoireachta i measc daoine lánfhásta in Éirinn

Ní hionann agus feidhmíocht daltaí i gcóras na scolaíochta, tá gnóthachtáil measartha íseal ag daoine fásta sa litearthacht, mar atá le feiceáil sa mheasúnú PIAAC - tá Éire rangaithe sa leath íochtair de na tíortha a ghlac páirt sa mheasúnú. Ba iad daoine idir 25-34 d'aois an dream ab airde a scóráil, agus daoine d'aois 55-65 ab ísle a scóráil, rud atá ag teacht leis an treocht go hidirnáisiúnta.

Mar sin féin, maíonn gnóthachtáil daoine fásta in Éirinn sa PIAAC go bhfuil feabhsú tagtha ar leibhéil litearthachta daoine fásta ó rinneadh an Suirbhé Litearthachta Daoine Fásta (IALS) i 1994. I 2012, ba lú an chionroinn daoine a d'fheidhmigh ag na leibhéil is ísle cumais.

Is fiú aird a thabhairt fosta ar an míréir idir feidhmíocht daltaí in PISA agus feidhmíocht daoine fásta in PIAAC. Tharla difear idir an dá shuirbhé, ní féidir conclúid iontaofa ar bith a fháil, ná míniú soiléir ar bith a thabhairt ar an míréir seo. Mar sin féin, bhí na leibhéil rannpháirtíochta in PIAAC níos airde in Éirinn ná i dtíortha eile, agus d'fhéadfadh clúdach seo réimse níos leithne daoine bheith ina chúis le feidhmíocht íseal daoine fásta Éireannacha i gcoibhneas le daoine i dtíortha eile.

Múineadh na litearthachta

Tá macalla na dea-fheidhmíochta i measc foghlaimoirí i gcóras na scolaíochta le brath san ardchaighdeán teagaisc agus foghlama a breathnaíodh go ginearálta le linn cigireachtaí a rinne Cigireacht na Roinne, agus mar a tuairiscíodh i dTuairisc an Phríomhchigire 2010-2012. Sa tréimhse sin 2010-2012, bhreathnaigh cigirí, ag an mbunleibhéal agus an iar-bhunleibhéal araon, torthaí foghlama daltaí sa Bhéarla a bhí sásúil nó níos fearr. Bhreathnaigh cigirí fosta go n-úsáidtear modhanna cuí múinte i bhformhór na gceachtanna Béarla. Mar sin féin, tugadh aird ar an ngá atá le feabhsúcháin i gcleachtas na measúnachta sa Bhéarla, go háirithe maidir le measúnú foirmitheach.

Tacaíochtaí le forbairt na litearthachta

Táthar ag déanamh go mbeidh dea-thionchar ar ghnóthachtáil daltaí amach anseo ag roinnt forbairtí curaclaim. Táthar ag dréim go mbeidh feabhsúcháin i gcumas teanga daltaí bunscoile as siocair an churaclaim nua teanga do naíonáin go dtí rang a dó. Ar an gcaoi chéanna, cabhróidh an tsonraíocht nua Béarla sa tsraith shóisearach le forbairt scileanna litearthachta daltaí bunleibhéil, scileanna labhartha san áireamh. Ag an tsraith shóisearach, beidh méadú ar an líon téacsanna digiteacha, rud a chabhróidh le scileanna litearthacht dhigiteach daltaí. Beidh an scil 'Bheith Liteartha' mar scil rithábhachtach le forbairt ar fud na foghlama i ngach ábhar ag an tsraith shóisearach, rud a chuirfidh le forbairt traschuraclaim na scileanna litearthachta.

Litearthacht - achoimre

Ar an iomlán, is maith an ghnóthachtáil a bhí ag daltaí sa léitheoireacht taobh istigh den chóras scolaíochta, agus tá dul chun cinn suntasach déanta leis an gcionroinnt daltaí ísealfheidhmíochta a laghdú. Mar sin féin, tá gá le fócas breise taobh istigh den chóras scolaíochta ar an gcionroinnt daltaí ardfheidhmíochta a mhéadú sa litearthacht agus le tabhairt faoin mbearna leanúnach idir gnóthachtáil daltaí i scoileanna CDSS (DEIS) agus daltaí i scoileanna nach scoileanna CDSS (DEIS) iad.

Ainneoin go bhfuil feabhsúchán le breathnú i leibhéil litearthachta daoine fásta agus go bhfuil amhras faoi inchomparáideacht an tsampla Éireannaigh in PIAAC leis na tíortha eile a bhí páirteach, is údar imní é an leibhéal íseal litearthachta i measc dhaonra na hÉireann, go háirithe ina measc siúd idir 25 agus 34 bliain d'aois. Is léir go bhfuil gá le feasacht níos mó a chothú i measc daoine fásta faoin tábhacht atá le scileanna litearthachta a fhorbairt go leanúnach, agus rochtain ar dheiseanna forbairt litearthachta a spreagadh, trí scéimeanna oideachais pobail nó trí thacaíochtaí litearthachta sa bhreisoideachas.

3. Príomhthorthaí tuairiscí ar uimhearthacht

Tá feidhmíocht dhaltaí na hÉireann san uimhearthacht i measúnachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta níos laige ná mar atá sa litearthacht, go háirithe i measc daltaí ardfheidhmíochta.

Torthaí uimhearthachta bunleibhéil

I 2011, d'fheidhmigh daltaí bunleibhéil (rang a ceathair) na hÉireann go maith os cionn an mheáin idirnáisiúnta cé go raibh feidhmíocht daltaí Éireannacha go maith faoin bhfeidhmíocht a bhí ag daltaí sna tíortha ab airde feidhmíocht. Tháinig feabhsú fosta ar fheidhmíocht daltaí ísealghnóthachtála in Éirinn mar atá tugtha le fios sna torthaí a fuair daltaí in TIMSS 2011 agus in NAERM 2014. Ag an mbunleibhéal, léiríonn daltaí Éireannacha láidreachtaí i ngnéithe áirithe den Mhata, ábhar na huimhreach agus réimse cognaíoch na feasachta san áireamh, a chuimsíonn fíricí, coincheapa agus próisis.

Mar sin féin, taispeánann tuairiscí go bhfuil spás forbartha ann i ngnóthachtáil dhaltaí bunleibhéil na hÉireann sa Mhatamaitic. Tá gá go háirithe le feidhmíocht a fheabhsú in uimhearthacht daltaí ardfheidhmíochta. Is dealraitheach go mbíonn deacrachtaí freisin ag daltaí le topaicí a bhaineann leis na hábhair Spás agus Cruth, agus Sonraí, agus réimse cognaíoch an réasúnaithe, a chuimsíonn cásanna nár bh eol cheana, comhthéacsanna casta agus fadhbanna ilchéime.

Torthaí uimhearthachta iar-bhunleibhéil

I dtaca leis an Matamaitic chló ag an iar-bhunleibhéal, bhí feidhmíocht dhaltaí na hÉireann in PISA 2012 os cionn mheán EFCE, rud is feabhsúchán i gcomparáid le timthrialla roimhe sin de PISA. Mar sin féin, ní feabhsúchán fíor é, tharla gur thit meánfeidhmíocht na dtíortha EFCE ó bhí timthrialla roimhe sin ann. Tá daltaí ardfheidhmíochta na hÉireann ag tearcfheidhmiú go fóill. Chomh maith leis sin, ba lú, i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht a bhíothas a thuar, feidhmíocht dhaltaí na hÉireann sa réiteach fadhbanna i gcoibhneas leis an bhfeidhmíocht fhoriomlán sa Mhatamaitic.

Ainneoin go bhfuil feidhmíocht daltaí sa Mhatamaitic ríomhbhunaithe i ndiaidh feabhsú, tá sé taobh istigh den mheán EFCE. Bá láidre ná mar a bhíothas a thuar feidhmíocht daltaí Éireannacha i bhfadhbanna idirghníomhacha ríomhbhunaithe.

Torthaí uimhearthachta do chohóirt áirithe daltaí

Tugann na measúnachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta le fios go bhfuil cohóirt áirithe daltaí ar gá aird a thabhairt ar a bhforbairt uimhearthachta. Aibhsíonn an tuairisc *Irish Students' Performance in PISA 2012 Computer-Based Assessment of Problem-Solving* go bhfuil tacaíocht bhreise sa Mhatamaitic de dhíth ar dhaltaí inimirce nó ar dhaltaí a n-oibríonn a dtuismitheoirí i bpoist bhunúsacha nó leathoilte. Tá gá fosta le dearcadh níos dearfaí a chothú i leith tascanna réiteach fadhbanna, i measc daltaí ísealghnóthachtála, chomh maith le cur lena gcumas coinneáil orthu le fadhbanna a réiteach ina n-íomláine. I ngnéithe áirithe den Mhata, leithéidí *Tomhas* agus *Cur i bhfeidhm agus Réiteach Fadhbanna*, léiríonn an fheidhmíocht níos fearr ag buachaillí go bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith de dhíth ar chailíní.

Torthaí uimhearthachta i measc daoine lánfhásta in Éirinn

Tá feidhmíocht uimhearthachta i measc dhaoine fásta na hÉireann, de réir fhianaise PIAAC 2012, go maith faoin meán idirnáisiúnta. Rangáíodh feidhmíocht dhaoine fásta na hÉireann sna 6 thír ab ísle feidhmíocht a ghlac páirt sa mheasúnacht. Rud is amhlaidh le daltaí bhunleibhéil agus iar-bhunleibhéil, tá difríochtaí inscne ann san uimhearthacht agus is iad na fireannaigh is fearr.

Teagasc na Matamaitice

Mar a tuairiscíodh i dTuairisc an Phríomhchigire 2010-2012, bhreathnaigh cigirí bunleibhéil torthaí foghlama sásúla nó níos fearr i 85% de cheachtanna matamaitice ar a ndearnadh cigireacht, agus cur chuige teagasc sásúil nó níos fearr i 83% de cheachtanna. Ag an iar-bhunleibhéal, áfach, breathnaíodh rátaí níos ísle sásúlachta ceachtanna agus foghlama daltaí sa Mhatamaitic. Ag an dá leibhéal, tugadh chun suntais go raibh féidearthacht forbartha ann sna cleachtais phleanála agus mheasúnaithe.

Aibhsíonn na measúnachtaí idirnáisiúnta, go háirithe, tearcúsáid choibhneasach theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) le tacú le teagasc agus foghlaim na huimhearthachta. Mar shampla, taispeánann *Students, Computers and Learning - Making the Connection, OECD, (Meán Fómhair 2015)*, go gcaitheann daltaí na hÉireann níos lú ama ar líne sa scoil i gcomparáid le meán EFCE, agus gur lú an úsáid a bhaineann daltaí Éireannacha as ríomhairí do cheachtanna mata agus don obair bhaile. Ní bhfuair EFCE amach go raibh comhghaolmhaireacht idir ardúsáid TFC agus ardfheidhmíocht sa Mhata. Mar sin féin, aibhsíonn an tuairisc gurb é an chaoi a n-úsáidtear ríomhairí chun tacú leis an bhfoghlaim a thugann torthaí níos fearr do dhaltaí san uimhearthacht. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé go

mbeadh feabhsúchán ar fheidhmíocht daltaí sa Mhata ach úsáid níos dírithe agus níos tomhaiste a bhaint as ríomhairí.

Tugann an tuairisc *Irish Students' Performance in PISA 2012 Computer-Based Assessment of Problem-Solving*, le fios gur ghnóthaigh daltaí na hIdirbhliana meánscóir níos airde, agus iad os cionn an leibhéal a bhíodhas a thuar don réiteach fadhbanna, ná daltaí i mbliainghrúpaí eile. Tugann an tuairisc ar *Project Maths* agus PISA 2012 le fios gur scóráil daltaí scoileanna inar cuireadh *Project Maths* i bhfeidhm ón tús, gur scóráil siad níos fearr i ngach réimse ná daltaí i scoileanna nár cuireadh i bhfeidhm ón tús é - cé nach raibh difear suntasach idir na scóir ó thaobh na staitistice de. D'fhéadfadh a leithéid de thorthaí a thabhairt le fios go bhfuil cur chuige áirithe maidir le teagasc agus foghlaim na Matamaitice, san Idirbhliain agus in *Project Maths*, ag imirt dea-thionchair ar ghnothachtáil na ndaltaí. Ar an gcur chuige atá i gceist, tá foghlaim trí fhionnachtain, plé grúpa agus ranga, forbairt scileanna, réiteach fadhbanna ón bhfíorshaol, agus measúnacht fhoirmitheach.

Uimhearthacht - achoimre

Ar an iomlán, tá feabhsú ar ghnóthachtáil daltaí sa chóras scolaíochta sa Mhatamaitic agus tá táscairí ann go bhfuil ag éirí le cur chuige múinteoireachta áirithe gnóthachtáil daltaí a ardú. Mar sin féin, is lú go measarta mór feidhmíocht daltaí Éireannacha ná na daltaí is airde feidhmíocht sna tíortha is airde a rangáidh. Tugann na measúnachtaí le fios go háirithe go bhfuil gá le díriú ar chumas réasúnaithe daltaí, a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm agus dul i ngleic le próisis réiteach fadhbanna, go háirithe mar a bhaineann siad leis an ábhar *Tomhais*. Is léir dúshlán leanúnach a bheith leis an ábhar *Cruth agus Spás* do mhic léinn na hÉireann. Údar imní é fosta an ghnóthachtáil íseal uimhearthachta i measc daoine lánfhásta in Éirinn.

Tacaíochtaí le forbairt na huimhearthachta

Tá roinnt tionscnamh ann, bearta athleasaithe curaclaim ar nós *Project Maths* san áireamh, á bhforbairt le tabhairt faoin tearcfheidhmíocht i bhfoghlaim agus i ngnóthachtáil daltaí san uimhearthacht. Cuireann an Idirbhliain solúbthacht ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí cur chuige nuálach a úsáid agus eispéiris shaibhrithe foghlama a chur ar fáil do mhic léinn.

Maítear i dtorthaí taighde go mb'fhéidir gurbh fhiú cur chuige a bhaineann leis an Idirbhliain agus le *Project Maths* a shíneadh amach. Breathnaítear go mbíonn cur chuige ar nós foghlaim trí fhionnachtain, plé grúpaí agus ranga, forbairt scileanna, fadhbanna a réiteach ón bhfíorshaol agus measúnacht fhoirmitheach, go mbíonn éifeacht leo chun tabhairt faoi riachtanais na ndaltaí níos cumasaí agus feabhsú dhearcadh na ndaltaí ar an matamaitic. San fhadtéarma, seans go mbeidh feabhsúchán mar gheall orthu i *Cruth agus Spás*, réimsí inar fheidhmigh daltaí na hÉireann go dona roimhe seo. Táthar ag déanamh go leathnóidh an tsonraíocht nua don Mhata, a thabharfar isteach i 2018, mar chuid d'athleasú na sraithe sóisearaí, cur chun cinn na gcur chuige múinteoireachta seo. Beidh nuáil eile sa churaclam, ar nós cúrsa roghnach sa chódú, agus fiosrú conas is féidir leis an bhfoghlaim a bhaineann le hEolaíocht na Ríomhaireachta a thabhairt isteach sa tsraith shinsearach, agus cuideoidh siad sin le scileanna barrthábhachtacha a fhorbairt a bhaineann go dlúth le foghlaim na huimhearthachta.

Ag an mbunleibhéal agus an iar-bhunleibhéal araon, tá céimeanna á nglacadh chun tacú le teagmháil a mhéadú le ríomhairí le linn an teagaisc agus na foghlama - uimhearthacht san áireamh. Ar na céimeanna sin, tá Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 a chur i bhfeidhm, agus acmhainní feabhsaithe leathanbhanda a chur ar fáil.

Cé go leagtar amach sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta (2011) an gá le béim a chur ar an Matamaitic ar fud an churaclaim ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal araon, seans gur riachtanach anois an gá seo a athfhógairt agus níos mó béime a leagan air i scoileanna.

4. Scoileanna CDSS (DEIS)

Ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal araon, is léir go bhfuil bearta CDSS (DEIS) ag imirt tionchar meartha ar ghnóthachtáil mac léinn atá ag freastal ar scoileanna atá páirteach sa tionscnamh.

Tugann an measúnú is déanaí de chuid an FTO le fios gur sonraíodh méaduithe suntasacha ar thorthaí daltaí sa scrúdúchán leantach i 2010 agus arís i 2013, i gcoibhneas leis na sonraí bonnlíne a bailíodh i 2007. I mbunscoileanna uirbeacha, tá laghdú tagtha ar an líon daltaí a scóráilann sa raon is ísle i léamh an Bhéarla agus sa Mhatamaitic, agus coinníodh an céatadán ardghnóthachtála sa léitheoireacht agus sa Mhata, agus méadaíodh sin i gcásanna áirithe. Gné dhearfach gur i measc daltaí is ísle scór atá an ghnóthachtáil is mó déanta, agus sin i scoileanna a bhfuil leibhéal arda míbhuntáiste iontu, agus i ranganna sóisearacha chomh maith.

I scoileanna CDSS (DEIS) tuaithe, tá dul chun cinn á dhéanamh i léamh an Bhéarla agus sa Mhatamaitic, agus faoi láthair tá scóráil na ndaltaí níos gaire don norm náisiúnta ná mar atá scóráil daltaí i scoileanna CDSS (DEIS) i gceantair uirbeacha. Is soiléire seo sa Mhatamaitic, inar gnóthaíodh meánscór atá píosa maith níos airde i measúnacht náisiúnta 2014.

Bíodh an feabhsúchán sin mar atá, níl an bhearna feidhmíochta á laghdú ar bhealach suntasach idir dalta i scoileanna CDSS (DEIS) agus dalta i scoileanna nach bhfuil i scéim CDSS (DEIS). I measúnacht náisiúnta ar léamh an Bhéarla i 2014, b'údar ar leith imní é an líon daltaí sa raon iontach íseal scórála sa léitheoireacht i scoileanna uirbeacha de chuid Bhanda 1. Cé go bhfuil scóráil i léamh an Bhéarla níos gaire don norm náisiúnta i scoileanna CDSS (DEIS) tuaithe, tá an scóráil sin go fóill go maith faoin norm sin.

Tugann roinnt tuairiscí le fios go bhfuil gá le múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí i scoileanna CDSS (DEIS) de chuid Bhanda 1 leanúint de bheith ag fáil tacaíocht níos déine le haghaidh an chuid eile den Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta.

5. Conclúidí agus gníomhartha amach anseo

Maítear san athbhreithniú ar thuairiscí náisiúnta agus idirnáisiúnta a foilsíodh ó seoladh an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta gur chóir roinnt réimsí den soláthar a chur in ord chun tosaíochta sa chéad chéim eile den chur i bhfeidhm, mar atá:

- díriú ar chumas páistí/daltaí a fheabhsú san uimhearthacht, go háirithe ina gcumas réasúnú, a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm agus dul i ngleic le próisis réiteach fadhbanna
- an gá leis an gcionroinnt daltaí ardfheidhmíochta a mhéadú sa litearthacht agus san uimhearthacht araon agus le hionchais a mhéadú maidir le feidhmíocht an chohóirt seo daltaí
- an gá le gnóthachtáil a neartú ag buachaillí sa léitheoireacht agus ag cailíní sa Mhatamaitic
- an gá le gnéithe áirithe den soláthar i scoileanna a leathnú agus a shíneadh, mar atá, pleanáil múinteoirí, straitéisí measúnachta, úsáid ríomhairí agus, i gcás na Matamaitice, cur chuige múinte áirithe.
- an gá le hinfheistíocht leanúnach sa soláthar i dtaca le litearthacht agus uimhearthacht i scoileanna CDSS (DEIS) agus bearta breise lena neartú.
- fócas ar a chinntiú go bhfuil feasacht mhaith i measc daoine fásta faoi thábhacht na litearthachta agus na huimhearthachta ina saol oibre agus pearsanta, agus go bhfuil réimse deiseanna ar fáil dóibh lena n-acmhainn sa litearthacht agus san uimhearthacht a fheabhsú.

Aguisín 1: Measúnachtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta: Bunleibhéal

1.1: Measúnú Náisiúnta Léamh an Bhéarla agus Matamaitice 2014

<ul style="list-style-type: none">• Ba é 2014 an 8ú measúnacht sa tsraith Measúnachtaí Náisiúnta i Léamh an Bhéarla agus sa Mhatamaitic (NAERM), a dhéantar gach cúig bliana nó mar sin.• Mar a tharla i 2009, rinneadh scrúduithe slána i ranga dó agus rang a sé thar réimse cumas agus inniúlachtaí. Ar an gcaoi sin, is féidir anailís chomparáideach a dhéanamh idir torthaí 2009 agus 2014 den chéad uair ó foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta i 2011.• Is féidir gur chuir an fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus leagan amach spriocanna le rathúnas na bhfeabhsúcháin a breathnaíodh, cé nach mbeadh an chionroinnt céanna ama ag daltaí rang a sé faoi leas na sochar seo ná mar a bheadh ag daltaí rang a dó.
<p>Torthaí dearfacha:</p> <ul style="list-style-type: none">• Taispeánann na measúnachtaí seo na chéad fheabhsúcháin shuntasacha sa léamh agus sa Mhatamaitic a chláraigh NAERM le breis agus 30 bliain.• Sroicheadh gach cuspóir bunleibhéil roimh dháta beartaithe 2020, mar a leagadh amach i Straitéis Náisiúnta Feabhsúcháin Litearthachta agus Uimhearthachta ag Páistí agus an Óige 2011-2020.• Léiríonn na torthaí go raibh laghdú ar líon na ndaltaí ag ceann íseal na gnóthachtála i léamh an Bhéarla agus sa Mhatamaitic araon agus go raibh méadú ar an gcionroinnt daltaí ardghnóthachtála sa léamh agus sa Mhata, ach ní an oiread céanna.• I scoileanna CDSS (DEIS), bhí torthaí 2014 níos fearr ná torthaí 2009 i léamh an Bhéarla agus sa Mhatamaitic araon, go háirithe i scoileanna Bhandá 2 CDSS (DEIS), mar ar breathnaíodh méaduithe suntasacha.• I scoileanna CDSS (DEIS) tuaithe, is beag athrú a bhí ar thorthaí daltaí seachas an Mhatamaitic i rang a sé, mar ar gnóthaíodh scóir níos airde i Measúnachtaí Náisiúnta 2014.
<p>Réimsí Atá le forbairt:</p> <ul style="list-style-type: none">• Ainneoin feabhsúcháin sa léamh a bheith le brath i scoileanna CDSS (DEIS), tá bearna ann fós idir daltaí scoileanna uirbeacha CDSS (DEIS) agus daltaí i gcineálacha eile scoileanna.• Ábhar imní faoi leith é an líon daltaí a ghnóthaigh go fíoríseal i scoileanna Bhandá 1 CDSS (DEIS) i gceantair uirbeacha.• Is suntasach an bhearná in-scé i dtreo cailíní sa léamh i rang a dó, agus i rang a sé ach ní an oiread céanna.• Tá an mhatamaitic i scoileanna CDSS (DEIS) go maith faoin meán náisiúnta, rud a thugann le fios go bhfuil forbairt de dhíth ar an matamaitic i scoileanna CDSS (DEIS).• Caithfear próisis níos airde leibhéal sa Mhata a fheabhsú ag rang a dó agus ag rang a sé.• Bhí scór iomlán na mbuachaillí níos airde ná scór iomlán na gcailíní sa Mhatamaitic ach ní go suntasach ó thaobh na staitistice de. Mar sin féin, bhí an scór a fuair buachaillí níos airde go suntasach i ngéithe áirithe den mhata, ar nós <i>Tomhais</i> agus <i>i Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna</i>.

Impleachtaí / Gníomhartha:

- Ní mór forchuspóirí a athmheas mar chuid d'athbhreithniú eatramhach na Straitéise Litearthachta agus Uimhearthachta.
- Tá gá le machnamh a dhéanamh ar chuspóirí faoi leith a leagan roimh fhoghrúpaí daltaí sa litearthacht agus san uimhearthacht, mar shampla daltaí i scoileanna Bhandá 1 CDSS (DEIS).
- I scoileanna Bhandá 1 CDSS (DEIS), beidh gá le tacaíocht níos déine arís a thabhairt do scoileanna, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaltaí don chuid eile den Straitéis.

1.2: Torthaí 2011 PIRLS agus TIMSS sa Léamh, sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht d'Éirinn

<ul style="list-style-type: none">• I 2011, rinneadh staidéir chomparáideacha ghnóthachtála (PIRLS agus TIMSS). Measúnaíodh scileanna daltaí i léamh an Bhéarla, sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht.• Bhí 151 scoil in Éirinn, a roghnaíodh go randamach, páirteach sa dá staidéar ag leibhéal rang 4.• Is féidir feidhmíocht daltaí na hÉireann a thomhas in aghaidh fheidhmíocht daltaí i dtíortha eile.
<p>Torthaí dearfacha:</p> <p><u>Iomlán:</u></p> <ul style="list-style-type: none">• D'fheidhmigh daltaí na hÉireann go maith os cionn an mheáin idirnáisiúnta sna réimsí léamh an Bhéarla, Matamaitic agus Eolaíocht.• Bhí gnóthú daltaí ísealghnóthachtála níos fearr ná mar a bhí i 1995, sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic araon. <p><u>Léamh:</u></p> <ul style="list-style-type: none">• Bhí daltaí na hÉireann ina measc siúd is fearr a d'fheidhmigh sa scrúdú léitheoireachta, rangaithe sa 10ú áit as 45 tír.• Bhí feidhmíocht na hÉireann ag teacht, den chuid is mó, leis an bhfeidhmíocht sna trí scrúduithe PISA as a chéile.• Shroich níos mó ná leath na ndaltaí Éireannacha an Tagarmharc Ard Idirnáisiúnta agus níor theip ach ar 3% an Tagarmharc Íseal a bhaint amach, rud a thugann le fios go raibh feidhmíocht láidir ann ag daltaí ardghnóthachtála agus ag daltaí ísealghnóthachtála araon. <p><u>Matamaitic:</u></p> <ul style="list-style-type: none">• Léirigh daltaí Éireannacha cumas coibhneasta in <i>Uimhir agus Feasacht</i>.• Níor léir bearna shuntasach aoise i measc daltaí Éireannacha.• Ghnóthaigh dhá oiread an norm idirnáisiúnta de dhaltaí Éireannacha an Sain-Tagarmharc
<p>Réimsí Atá le Forbairt</p> <ul style="list-style-type: none">• Sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic, d'fheidhmigh na daltaí is gaire dúinn, i dTuaisceart Éireann agus i Sasana, níos fearr ná daltaí na hÉireann• Is léir bearna inscne a bheith ann sa léitheoireacht, mar ar fheidhmigh cailíní níos fearr ná buachaillí.• Tá laigí coibhneasta ag daltaí na hÉireann i <i>Cruthanna agus Tomhais Chéimseatóla</i> agus Léiriú Sonraí agus sa réimse cognaíoch an <i>Réasúnú</i>.
<p>Impleachtaí / Gníomhartha</p> <ul style="list-style-type: none">• Is fiú scrúdú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht dhaltaí Phoblacht na hÉireann i gcoibhneas le feidhmíocht dhaltaí Thuaisceart Éireann agus i Sasana sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic.• Is gá tabhairt faoi bhearnaí inscne sa léitheoireacht.• Is gá tabhairt faoi na laigí coibhneasta ag daltaí i <i>Cruthanna agus Tomhais Chéimseatóla</i> agus <i>Léiriú Sonraí</i> agus sa réimse cognaíoch an <i>Réasúnú</i>.

Aguisín 2: Measúnachtaí Idirnáisiúnta: Iar-bhunleibhéal

2.1: Feidhmíocht Dhaltaí na hÉireann sa Chlár Idirnáisiúnta Measúnoireachta Daltaí (PISA), 2012

Torthaí dearfacha:

- Sa léamh cló agus digiteach, tá na torthaí go maith. Bhí feidhmíocht na ndaltaí Éireannacha ag an dá cheann den scála os cionn mheán EFCE.
- Tá daltaí ísealghnóthachtála ag coinneáil a leibhéal feidhmíochta nó á bhfeabhsú.
- Is beag iad na difríochtaí idir scoile. Léiríonn seo go bhfuil córas measartha cothrom scolaíochta ann.
- Bhí na scóir sa Mhatamaitic go maith os cionn mheán EFCE, ach níor feabhsaíodh na torthaí a bhí ag Éirinn i 2003.
- Tá atmaisféar seomra ranga sa Mhatamaitic in Éirinn níos dearfaí ná mar atá, ar an meán, in EFCE.
- Tá Éire ag coinneáil lena caighdeán sa Mhatamaitic agus sa léamh, rud is athdhearbhú i gcomhthéacs ina raibh méadú ar dhaltaí nirmice agus ar dhaltaí ar a bhfuil riachtanais speisialta (SEN) ag glacadh páirt in PISA agus laghdú ar an líon luathfhágála scoile.

Réimsí atá le forbairt:

- Tá Éire ag déanamh go maith, ach nílimid i measc na dtíortha is airde feidhmíocht.
- Cé go bhfuil dea-thionchar ag CDSS (DEIS), is gá go fóill tabhairt faoi fheidhmíocht daltaí sna scoileanna seo.
- Úsáidfear níos mó modhanna ríomhbhunaithe measúnachta in PISA 2015. Beidh sé seo ina dhúshlán ag daltaí Éireannacha agus ag cailíní go háirithe.
- Tá daltaí ardfheidhmíochta na hÉireann ag tearcfheidhmiu, go háirithe sa Mhatamaitic.
- Cúis imní iad torthaí i *Cruth agus Spás* ag an mbunleibhéal agus an iar-bhunleibhéal, rud is ionann agus an titim feidhmíochta i *Neamhchinnteacht agus Sonraí*.

Gníomhartha agus Impleachtaí:

- Is gá do scoileanna ionchais níos airde a leagan os comhair gach foghlaimeora. San idirbhliain, d'fhéadfadh scoileanna tabhairt níos éifeachtúla faoi riachtanais na bhfoghlaimeoirí is ábalta chomh maith le scileanna daltaí agus a ndearcadh i leith na Matamaitice.
- Is gá scrúdú géar a dhéanamh ar dhifríochtaí inscne sa mhatamaitic i dtreo buachaillí agus sa léitheoireacht i dtreo cailíní. Is gá riar níos mó ar roghanna léitheoireachta buachaillí (tá aird tugtha air seo ag NLNS agus JC)
- Sa tsraith shóisearach, ba chóir go gcuirfeadh úsáid téacsanna digiteacha le scileanna litearthacht dhigiteach agus le feidhmíocht na hÉireann sa léitheoireacht dhigiteach.
- Is gá tabhairt faoi bhearnaí feidhmíochta idir cineálacha scoileanna.
- Is gá tabhairt faoi na dúshláin a bhaineann le measúnú ríomhbhunaithe.
- Mar gheall ar *Project Maths* agus an tsraith shóisearach, beidh tuilleadh béime ar fhorbairt scileanna, réiteach fadhbanna ón bhfíorshaol agus ar an measúnú foirmitheach. Táthar ag súil go bhfeabhsóidh sé seo torthaí i *Neamhchinnteacht agus Sonraí* agus *Cruth agus Spás*.
- Ba chóir go mbeadh caighdeán níos fearr mar thoradh ar an gcúraclam nua teanga a chur i bhfeidhm.
- Ba chóir go mbeadh leasúchán mar gheall ar bhéim a chur ar an Matamaitic ar fud an churaclaim, mar atá sonraithe sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta.

- Ní mór do dhaltá páirt a ghlacadh i níos mó gníomhartha seach-churaclaim a bhaineann leis an Matamaitic.

2.2: Feidhmíocht Mhic Léinn na hÉireann i Measúnacht Ríomhbhunaithe Réiteach Fadhbanna PISA 2012

<ul style="list-style-type: none">• Is suirbhé idirnáisiúnta é PISA ar ghnóthachtaí daltaí 15 bliana d'aois sa mhatamaitic, sa léitheoireacht agus i litearthacht na heolaíochta. I 2012, ba í an mhatamaitic an príomhréimse.• Chuimsigh suirbhé 2012 measúnachtaí clóbhunaithe ar léamh an Bhéarla, an Mhatamaitic agus an Eolaíocht agus i 2012, bhí measúnachtaí roghnacha ríomhbhunaithe ar léamh an Bhéarla, an Mhatamaitic agus réiteach fadhbanna ann freisin.
<p>Torthaí dearfacha:</p> <ul style="list-style-type: none">• Sa Mhatamaitic chlóite, i léamh an Bhéarla agus san Eolaíocht, bhí scóir daltaí Éireannacha go maith os cionn mheán EFCE.• Sa léitheoireacht dhigiteach, bhí feidhmíocht daltaí Éireannacha os cionn mheán EFCE.• B'fhearr a d'fheidhmigh daltaí Éireannacha ar na fadhbanna idirghníomhacha ríomhbhunaithe ná mar a bhíodhas a thuar.• Is maith a d'fheidhmigh daltaí Éireannacha le cúlra inimirce i gcomparáid le meán comhfhreagrach EFCE. Bhí a meánscóir níos airde go suntasach. In Éirinn, is lú an bheama atá idir daltaí inimirce agus daltaí dúchasacha.• Ghnóthaigh daltaí Idirbhliana meánscóir níos airde agus sin os cionn an léibhéil a bhíodhas a thuar sa réiteach fadhbanna, ná dalta i mbliainghrúpaí eile.
<p>Réimsí Atá le forbairt:</p> <ul style="list-style-type: none">• I gcoibhneas lena bhfeidhmíocht iomlán sa Mhatamaitic, d'fheidhmigh daltaí na hÉireann faoin leibhéal a bhíodhas a thuar sa réiteach fadhbanna i gcomparáid le daltaí ó thíortha eile EFCE.• I dtascanna réitigh fadhbanna, is lú an seans go n-éireoidh le daltaí a n-oibríonn a dtuismitheoirí i bpoist leathoilte nó bhunúsacha, ná le daltaí a mheastar a bheith faoi bhuntáiste.• I réiteach fadhbanna, is lú go suntasach feidhmíocht daltaí a bhfuil cúlra inimirce acu ná cainteoirí dúchais.• Níl daltaí ísealghnóthachtála chomh tugtha céanna don réiteach fadhbanna agus is lú a choinníonn siad orthu sa réiteach fadhbanna.• Is gá tabhairt faoi dhifríochtaí inscne sa réiteach fadhbanna. Sa réiteach fadhbanna, tá an difríocht idir buachaillí agus cailíní an-bheag. Sa Mhatamaitic chlóite agus sa Mhatamaitic ríomhbhunaithe, is suntasaí an difríocht i dtreo na mbuachaillí.• Easpa eolais agus taithí ar ríomhairí a úsáid is cúis, b'fhéidir, leis an ísealfheidhmíocht sa mheasúnacht ríomhbhunaithe.• I measúnacht ríomhbhunaithe ar réiteach fadhbanna, d'fheidhmigh daltaí Éireannacha ar mheán EFCE. Tá torthaí daltaí íseal- agus ardfeidhmíochta sa réiteach fadhbanna ag teacht le meán EFCE do na daltaí sin.
<p>Gníomhartha agus Impleachtaí</p> <ul style="list-style-type: none">• Tá spás ann le haghaidh feabhsúcháin ag daltaí íseal- agus ardghnóthachtála araon i gcoibhneas lena macasamhla i dtíortha eile.

- I bhfianaise go bhfuil sé beartaithe measúnacht ríomhbhunaithe a thabhairt isteach thar gach réimse in PISA 2015, is gá cur le heolas daltaí conas ríomhaire a úsáid. Tá obair ar siúl ag an FTO agus ag an gCigireacht chun deacrachtaí TFC agus deacrachtaí praiticiúla a aithint agus chun tabhairt fúthu.
- Bíonn tacaíocht bhreise de dhíth ar dhaltaí áirithe. Mar shampla, bíonn tacaíocht de dhíth sa réiteach fadhbanna ar dhaltaí inimirce agus ar dhaltaí a n-oibríonn a dtuismitheoirí i bpoist leathoilte nó bhunúsacha, le dearcadh níos dearfaí i leith tascanna réiteach fadhbanna agus chun iad a spreagadh le coinneáil orthu leis an réiteach fadhbanna.
- Tharla gur éirigh go maith le daltaí Idirbhliana, b'fhéidir gurbh fhiú modhanna áirithe a bhíonn in úsáid níos mó leo siúd, a leathnú amach chuig gach bliainghrúpa, mar shampla, an fhoghlaim dhaltadhírithe, an bhéim ar ghníomhartha praiticiúla agus úsáid TFC.

2.3: Tuairisc ar *Project Maths* agus PISA 2012

(Feidhmíocht i Scoileanna Tosaigh agus Neamh-thosaigh *Project Maths* in PISA 2012 Matamaitic agus Réiteach Fadhbanna agus i Matamaitic an Teastais Shóisearaigh)

<ul style="list-style-type: none">• Is beart athleasaithe curaclaim é <i>Project Maths</i> (PM).• Déanann an tuairisc seo, a réitigh an Chomhairle Taighde Oideachais (CTO) comparáid idir feidhmíocht daltaí i 23 scoil tosaigh <i>Project Maths</i> agus an fheidhmíocht a bhí i scoileanna neamhthosaigh, ag úsáid sonraí ó PISA. Déantar anailís ar an ngnóthachtáil agus ar dhearcadh araon.• Baineadh úsáid as ceistneoirí PISA, ceistneoirí náisiúnta, scóir ghnóthachtála PISA agus torthaí Matamaitice an Teastais Shóisearaigh i 2011 agus 2012 san anailís chomparáideach.
<p>Torthaí dearfacha:</p> <ul style="list-style-type: none">• Sna 23 scoil inar cuireadh PM i bhfeidhm, i gcomparáid leis na scoileanna nár cuireadh PM i bhfeidhm iontu, bhí torthaí daltaí (a) níos airde in PISA, (b) níos airde i ngach réimse ábhair go háirithe <i>Cruth agus Spás</i>, agus rud nach ionann i gcás píaraí i scoileanna neamhthosaigh, bhí scóir na ndaltaí ag teacht le meán EFCE (c) níos airde sa mhatamaitic chlóite agus (d) níos airde sa Teastas Sóisearach. Ba chóir a thabhairt faoi deara, mar sin féin, nach mór an difríocht staitisticiúil a bhí idir scóir na mac léinn.• Bhí réimse níos leithne modhanna múinte in úsáid sna scoileanna tosaigh.• Bhí príomhoidí scoileanna tosaigh níos dearfaí faoi PM ná mar a bhí a bpiaraí.
<p>Réimsí Atá le forbairt:</p> <ul style="list-style-type: none">• Bhí drochthionchar ag PM ar dhearcadh daltaí. Ní hiontas ar bith é seo, tharla an chorráil i scoileanna tosaigh i dtaca le hacmhainní, tacaíocht agus imní tuismitheoirí.• Bíonn dúshlán bhreise litearthachta ann mar gheall ar PM.
<p>Gníomhartha / Impleachtaí:</p> <ul style="list-style-type: none">• Is riachtanach coinneáil leis an bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach sa Mhatamaitic. Molann an FTO go leathnófar cuir chuige teagaisc agus foghlama a úsáidtear in PM agus go neadófar iad mar chuid d'athleasú na sraitheanna sóisearacha agus sinsearacha. Ba chóir go mbeadh tuilleadh foghlama bunaithe ar fhionnachtain mar thoradh air seo, agus plé ranga agus grúpa i ngach ábhar.• Is gá do gach mac léinn, go háirithe, bheith páirteach i níos mó gníomhartha seach-churaclaim a bhaineann leis an Matamaitic.

2.4: Daltaí, Ríomhairí agus Foghlaim - *Making the Connection*, EFCE, Meán Fómhair 2015

<ul style="list-style-type: none">Déanann an tuairisc seo anailís chomparáideach idirnáisiúnta den chéad uair ar na scileanna digiteacha atá faighte ag daltaí, agus ar na timpeallachtaí foghlama a cruthaíodh chun na scileanna seo a fhorbairt. Úsáideann sé na sonraí a tháinig le PISA 2012.
<p>Torthaí dearfacha:</p> <ul style="list-style-type: none">In Éirinn, tá an líon tithe ina bhfuil ríomhaire méadaithe go 97.9% i 2012 - rud atá os cionn mheán EFCE. Tá fáil ag formhór dhaltaí na hÉireann ar an idirlíon sa bhaile.Ar scoil, tá fáil ag 96% de dhaltaí ar ríomhairí - rud a sháraíonn meán 92% EFCE.Bhí feidhmíocht Éireann sa léitheoireacht dhigiteach i 2012 os cionn mheán EFCE. Bhí daltaí na hÉireann i measc na dtíortha is airde a rangaíodh i dtaca le teacht aniar a léiriú le tascanna casta léitheoireacht dhigiteach a chríochnú.Tá méadú ar rochtain an idirlín ar scoil in Éirinn go 95%. Tá seo chun tosaigh go maith ar an 70% a chláraigh tíortha eile EFCE.Tháinig feabhsú ar fheidhmíocht dhaltaí na hÉireann sa mheasúnacht ríomhbhunaithe matamaitice ó 2009.Sa bhrabhsáil idirlín, rangaíodh daltaí na hÉireann sna grúpaí is airde, ag léiriú scileanna maithe roghnúcháin. Is féidir go bhfuil baint ag an mbua seo lena bhfeidhmíocht sa léitheoireacht dhigiteach. Níl scileanna laga nascleanúna ach ag 10% de dhaltaí na hÉireann.
<p>Réimsí Atá le forbairt:</p> <ul style="list-style-type: none">Ar an iomlán, d'fheidhmigh daltaí na hÉireann os cionn mheán EFCE sa Mhatamaitic ríomhbhunaithe.D'fheidhmigh daltaí na hÉireann níos measa ná mar a bhíodhas a thuar ar thascanna a d'éiligh úsáid ríomhairí le fadhbanna a réiteach. <p>Ní úsáidtear ríomhairí chomh minic céanna in Éirinn i gceachtanna matamaitice agus don obair baile. Caitheann daltaí na hÉireann níos lú ama ar an idirlíon in aghaidh an lae (15 nóiméad) i gcomparáid le meán EFCE (25 nóiméad). Mar sin féin, léirigh staidéar PISA 2012 nach bhfeabhsaíonn úsáid níos minice TFC féin torthaí na ndaltaí.</p>
<p>Impleachtaí / Gníomhartha:</p> <ul style="list-style-type: none">Ní hionann infheistíocht a dhéanamh i TFC ar scoil agus úsáid bhreise bheith á baint as TFC sa teagasc. Ní hionann breis úsáide a bhaint as ríomhairí agus scóir níos fearr sa Mhatamaitic agus sa léitheoireacht. Sna tíortha uile ab airde feidhmíocht, An Fhionnlainn, An Chóiré, Tai-Pei na Síne agus An tSeapáin, rangáitear úsáid ríomhairí i gceachtanna / i dtascanna matamaitice go measartha íseal. Ba chóir díriú mar sin ar TFC a úsáid le haghaidh críche / gníomhartha a chuireann leis an bhfoghlaim. Mar shampla, aibhsíonn staidéar PISA go mbíonn ríomhairí éifeachtach nuair a úsáidtear iad le cur leis an am staidéir, le ligean do dhaltaí an suíomh foghlama a rialú, agus le cur leis an bhfoghlaim chomhoibríoch.Tá nasc idir ábhar an churaclaim agus úsáid ríomhairí; bíonn úsáid mhéadaithe ríomhairí mar thoradh ar churaclaim a chuimsíonn scileanna matamaiticiúla a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna ón bhfíorshaol agus tascanna feidhmeacha matamaitice. Tugtar cead faoin gcuraclam nua iar-bhunscoile úsáid bhreise a bhaint as TFC i dteagasc na Matamaitice. Is dócha go gcuirfidh an curaclam nua Matamaitice ag an mbunleibhéal, a bhfuil a fhorbairt tosaithe, go gcuirfidh sin le húsáid TFC sa teagasc fosta.

- Tá sainscileanna luachála de dhíth le téacsanna ar líne a léamh, is gá a fhorbairt níos mó i measc foghlaimoirí. Is minic gur mó an dúshlán a bhaineann le téacsanna ar líne a léamh ná téacsanna clóite.

Gníomhartha reatha / beartaithe chun tacú le húsáid TFC sa seomra ranga:

- Tá curtha go suntasach le hacmhainn leathanbhanda iar-bhunscoileanna. D'fhoilsigh an Roinn a Straitéis Dhigiteach do Scoileanna i 2015.
- Tá gearrchúrsa sa chódúchán ar fáil agus é roghnach do scoileanna / do dhaltaí sa tsraith shóisearach.
- Tá an CNCM ag meá roghanna maidir leis an Ríomheolaíocht a thabhairt isteach sa tsraith shinsearach.
- Beidh breithniú ar fhéidearthachtaí TFC san áireamh i ngach obair ar churaclaim nua. Tá úsáid punann leictreonach á meas mar áis foghlama agus mheasúnachta.
- Cuirfear torthaí na tuairisce seo sa mheá in athbhreithniú na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta agus in athbhreithniú *Project Maths* (i 2016/2017).

2.5: Litearthacht agus Uimhearthacht i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann i Staidéir Idirnáisiúnta (Shiel and Gilleece, 2015)

- In PIRLS 2011, rangáíodh daltaí Thuaisceart Éireann sa 5ú háit sa litearthacht, agus rangáíodh daltaí Phoblacht na hÉireann sa 10ú háit.
- In TIMSS, d'fheidhmigh daltaí Thuaisceart Éireann go maith; rangáíodh iad sa 6ú háit, agus rangáíodh daltaí na Poblachta sa 17ú háit.
- I 2009, bhí meath ar fheidhmíocht i léitheoireacht an Bhéarla agus sa Mhatamaitic i nPISA. D'fhéadfadh cúiseanna mar seo a leanas a bheith leis seo - rannpháirtíocht níos lú i measc daltaí 15 bl. d'aois, bogadh i ndáileadh na mac léinn thar ghráid, le breis daltaí Idirbhliana (mar ar lú an bhéim acadúil), agus athruithe ar leagan amach an scrúdaithe. Ní dócha go raibh sampláil laofa ann.
- Chonacthas lagfheidhmíocht in PIAAC sa litearthacht agus san uimhearthacht sa Tuaisceart agus sa Phoblacht araon. Tá freagairt fhadálach ann do PIAAC.
- Sroicheadh cuspóirí sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta go maith roimh 2020. Sroicheadh fosta na cuspóirí a leagadh síos do litearthacht na léitheoireachta agus do Mhatamaitic PISA. Maítear leis seo gur chóir cuspóirí nua a leagan amach, agus sainchuspóirí ann, b'fhéidir, do scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste.
- I *Count, Read: Succeed*, tá béim sa bhreis ar mheasúnú agus ar chuspóirí bhaint amach ag pointí criticiúla. Seachas cuspóirí bhaineann le measúnú náisiúnta, cuimsíonn straitéis an Tuaiscirt cuspóirí i dtaca le bearnaí sa ghnóthachtáil, m.sh. i scoileanna faoi mhíbhuntáiste agus i scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste ach ní an oiread sin, chomh maith le cuspóirí feidhmíocht iomlán.
- Díríonn straitéis an Tuaiscirt ar dhícheall úsáide a bhaint as an mbonneagar atá i scoileanna cheana, seachas tionscnaimh nua a thabhairt isteach.

Torthaí dearfacha:

- Sa Tuaisceart agus sa Phoblacht beirt, bhí an céatadán 'ardléitheoirí' cothrom le tíortha eile ardfheidhmíochta.
- In PISA, d'fheidhmigh an Phoblacht go sásúil i litearthacht na léitheoireachta, agus scóráladh níos airde ná meán EFCE.

Réimsí Atá le forbairt:

- Sa Tuaisceart agus sa Phoblacht beirt, bhí níos mó daltaí os cionn thagarmharc íseal PIRLS, go díreach aige nó faoi, ná mar a bhí i dtíortha eile ardfheidhmíochta.
- Sa Phoblacht, d'fheidhmigh céatadán íseal daltaí ag an TIMSS Ardchumais matamaitice i gcomparáid leis an Tuaisceart agus le tíortha eile ardfheidhmíochta.

Impleachtaí / Gníomhartha:

- Tá baint idir an ísealfheidhmíocht ag an ardleibhéal agus róbhéim ar *Uimhir* i gcomparáid le *Cruthanna Céimseatúla*, *Tomhais* agus *Léiriú Sonraí*, agus le fócas níos láidre sa teagasc ar phróisis ísealoird mhatamaiticiúla de rogha ar phróisis ardoird. Is gá tabhairt faoi seo.
- Tá gá le hailíniú, nó le comhréir níos cruinne, a bheith idir ábhar téacsleabhar agus an Curaclam Bunscoile don Matamaitic.
- Is gá tuilleadh ama a thabhairt do theagasc na Matamaitice.
- Díríonn *Project Maths* níos mó ar réiteach fadhbanna ón bhfíorshaol. Cé nach raibh difear suntasach ó thaobh na staitisticí de idir scóir daltaí scoileanna tosaigh agus scoileanna neamhthosaigh, b'airde an scór a fuair daltaí i scoileanna tosaigh *Project Maths* ná na daltaí i scoileanna neamhthosaigh.

Aguisín 3: Measúnachtaí Idirnáisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht Daoine Fásta

3.1: PIAAC 2012

<ul style="list-style-type: none">• Is suirbhé nua idirnáisiúnta é seo de scileanna daoine fásta thar 24 tír le sonraí a thabhairt ar scileanna litearthachta sa litearthacht, san uimhearthacht, i réiteach fadhbanna i dtimpeallachtaí ina bhfuil a lán teicneolaíochta.
Torthaí dearfacha: <ul style="list-style-type: none">• Níor léir in Éirinn bearna inscne sna scóir litearthachta.
Réimsí le forbairt <ul style="list-style-type: none">• Sa litearthacht, scóráil Éire sa 17ú háit as 24 tír. Bhí na scóir cosúil le tíortha eile AE, ach taobh thiar de Shasana agus an Danmhairg. Bhí Éire chun tosaigh ar SAM, ar an Fhrainc, an Spáinn agus an Iodáil.• San uimhearthacht, bhí Éire go maith faoi mheán PIAAC, agus sa 19ú háit as 24 tír.• San uimhearthacht, agus i réiteach fadhbanna i dtimpeallachtaí ina bhfuil a lán teicneolaíochta, tá bearna idir fir agus mná, i dtreo na bhfear. Tá níos mó fear ná ban inniúil ag na leibhéil is airde.• Sa litearthacht agus san uimhearthacht, is airde na scóir sa raon aoise 25-34 agus is ísle na scóir sa raon aoise 55-65. Tá seo ag teacht le treochtaí idirnáisiúnta. Bíonn meath ar leibhéil litearthachta agus uimhearthachta i measc aoisghrúpaí níos sine.• I dtaca le fadhbanna a réiteach i dtimpeallachtaí ina bhfuil a lán teicneolaíochta, is airde na scóir san aoisghrúpa 20-25, agus is ísle na scóir san aoisghrúpa 60-65.

Aguisín 4: Measúnuithe CDSS (DEIS)

4.1: Measúnú an Chláir Tacaíochta Scoile (SSP) faoi CDSS (DEIS): Athruithe i nGnóthachtáil Daltaí i mBunscoileanna Uirbeacha idir 2007 agus 2013

<ul style="list-style-type: none">Tá measúnú déanta ag an FTO ar thionchar CDSS (DEIS) ó thug an ROS isteach é i 2007.
Torthaí dearfacha: <ul style="list-style-type: none">Tá fianaise ann gur feabhsaíodh torthaí daltaí sna measúnuithe CDSS (DEIS). Méadaíodh na scóir ag gach céim go suntasach sa tréimhse idir bailiú na sonraí bonnlíne agus an scrúdúchán leantach i 2010.Bhí gnóthachan tosaigh ann; coinníodh sin agus tógadh air idir 2010 agus 2013.Ba léir an gnóthachan sna céimeanna sóisearacha agus i scoileanna ina bhfuil ardleibhéal míbhuntáiste. Ba shuntasáí na feabhsúcháin i measc daltaí ísealscórála.Tá laghdú sa líon scóralaithe ísle, i.e. an líon sin a bhí faoin 10ú peircintíl i léitheoireacht an Bhéarla agus sa Mhatamaitic ar an.Coinníodh an céatadán ardghnóthachtála sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic, agus i gcásanna áirithe, méadaíodh air sin.Ba léir leibhéal arda rannpháirtíochta i measc foirne.Bhí fócas níos fearr ar phleanáil agus ar leagan amach cuspóirí.
Réimsí atá le forbairt: <ul style="list-style-type: none">Tá roinnt scoileanna rannpháirteacha i ndiaidh gnóthachan mór a dhéanamh, rud nach amhlaidh i gcás scoileanna eile.
Impleachtaí / Gníomhartha: <ul style="list-style-type: none">B'fhiú a fhiosrú cén fáth ar fheabhsaigh scoileanna áirithe a dtorthaí agus nárbh amhlaidh do scoileanna eile.

4.2: Gnóthachtáil agus Tréithe Daltaí ag freastal ar Scoileanna Tuaithe in CDSS (DEIS), 2013

<ul style="list-style-type: none">• Cuireann an tuairisc seo síos ar an ngnóthachtáil i léamh an Bhéarla agus sa Mhatamaitic a bhí ag daltaí i scoileanna tuaithe a bhí páirteach sa SSP faoi CDSS (DEIS).
<p>Torthaí dearfacha:</p> <ul style="list-style-type: none">• Tá feabhsú suntasach ó thaobh na staitistice de le brath i léamh an Bhéarla agus sa Mhatamaitic idir 2007 agus 2010 ag leibhéal rang a 3 agus rang a 6.• Tá scóir dhaltaí CDSS (DEIS) faoin tuath níos gaire don norm náisiúnta. Níl difear suntasach idir an meánscór matamaitice agus an norm. Mar sin féin, tá an meánscór léitheoireachta faoin norm náisiúnta go suntasach.• Nuair a dhéantar comparáid idir scoileanna CDSS (DEIS) faoin tuath agus sa chathair, tá feidhmíocht na scoileanna tuaithe níos fearr go suntasach ná a gcomhpháirtithe uirbeacha i léamh an Bhéarla agus sa Mhatamaitic.• Tá rochtain níos fearr ag daltaí i scoileanna tuaithe ar ábhair oideachasúla agus bíonn siad rannpháirteach níos minice i gníomhartha oideachasúla. Is cosúil go mbíonn dea-thionchar ag na gníomhartha seo ar na páistí sna scoileanna faoin tuath.
<p>Réimsí atá le forbairt:</p> <ul style="list-style-type: none">• Is mó an seans go mbeidh drochthionchar ar dhaltaí uirbeacha CDSS (DEIS) ag údair seachráin m.sh. gníomhartha in am saor gan struchtúr le cairde nó ar ríomhairí.

4.3: Tuairisc ar Mheasúnú CDSS (DEIS) ag an Dara Leibhéal (Foras Taighde ar Oideachas, 2014)

<ul style="list-style-type: none">• An FTO a chuir an tuairisc seo le chéile a foilsíodh i 2014.• Cuireann an tuairisc síos ar réimse gníomhartha measúnaithe agus torthaí idir 2007 agus 2013.
<p>Torthaí dearfacha:</p> <ul style="list-style-type: none">• Baineadh amach leibhéal arda cur i bhfeidhm i scoileanna rannpháirteacha agus tá formhór na mball foirne i ngleic go maith leis an gclár.• Tá cuspóirí leagtha amach ag formhór na scoileanna i sainréimsí agus tá siad ag déanamh monatóireachta ar an dul chun cinn i dtaca leis na cuspóirí sin.• Tá leibhéal méadaithe rannpháirtíochta ann i scoileanna SSP agus clár iontu a dhíríonn ar mhic léinn ardriosca.• Cuireann beagnach gach scoil CLTS ar fáil dá daltaí agus cuireann chóir a bheith 50% Ardteist Fheidhmeach ar fáil.• Bhí méaduithe sna leibhéal choinneála, san fheidhmíocht i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteiste, agus san aistriú go hiar-bhunscoil, ó tugadh an clár isteach. D'fhéadfadh sé go bhfuil baint idir na méaduithe seo agus CDSS (DEIS) a thabhairt isteach.• Dar le príomhoidí go bhfuil múinteoirí dearfach, den chuid is mó, i scoileanna CDSS (DEIS).• Bhí príomhoidí dearfach go ginearálta faoi chlár CDSS (DEIS) agus faoi thionchar beartas faoi CDSS (DEIS), deiseanna le haghaidh forbairt ghairmiúil agus tacaíocht phleanála san áireamh.• Measadh gur tábhachtach an teagmháil mhéadaithe le daltaí taobh amuigh den seomra ranga m.sh. trí chlubanna obair bhaile agus bricfeasta.
<p>Réimsí atá le Forbairt:</p> <ul style="list-style-type: none">• Tá ráta ard athraithe i measc príomhoidí in iar-bhunscoileanna SSP.• Bíonn scoileanna SSP ag plé go fóill le 'fadhbanna móra', m.sh. an dífhostaíocht, easpa rannpháirtíochta ag tuismitheoirí, fadhbanna iompair agus mothúchána, teaghligh mhífheidhmiúla.• Luaitear gur dúshlán iad ionchais neamhréalaíochta múinteoirí agus timpeallachtaí deacra foghlama.• Luadh mar ábhar mór imní an cailteanas foirne agus leibhéal foirne - is féidir lena leithéid de chailteanas tionchar a bheith aige ar an dream is mó míbhuntáiste m.sh. baill den lucht taistil• Measadh gur díobhálach ciorruithe ar chomhairleoirí agus ar sheirbhísí síceolaíochta.• D'ainneoin feabhsúchán, tá gnóthachtáil agus leibhéal choinneála scoileanna sa SSP go maith faoin norm náisiúnta. Táthar ag tuar go mbeidh tionchair níos follasaí ann amach sa todhchaí.• Luaigh beagnach 2/3 de na príomhoidí ganntanas ama don phleanáil.
<p>Impleachtaí / Gníomhartha:</p> <ul style="list-style-type: none">• Is gá leanúint le monatóireacht ar an gclár.

Aguisín 5: Tuairiscí na Cigireachta

5.1: Tuairisc an Phríomhchigire 2010-2012

<p>Díríonn an tuairisc seo ar cháilíochtaí agus ar chaighdeáin i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna agus in ionaid oideachais a ndearna Cigirí na Roinne cigireacht orthu idir 2010 agus 2012. Insíonn an tuairisc seo a lán dúinn faoin leagan amach oideachasúil le linn na tréimhse sin:</p> <ul style="list-style-type: none">• Bhí méadú ar an líon daltaí i ranganna ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.• Bhí roinnt dúshlán ag scoileanna maidir le hairgeadas agus cúrsaí foirne.• Coinníodh an caiteachas ar CDSS (DEIS) agus méadaíodh an caiteachas ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.• Leanadh de roinnt seirbhísí tacaíochta a mhaoiniú, cé gur gearradh an caiteachas.• Leanadh den chaiteachas caipitiúil i scoileanna.• Seoladh an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta i mí Iúil 2011, tugadh isteach scrúdúchán caighdeánach éigeantach agus féinmheastóireacht scoile (SSE), agus cuireadh i bhfeidhm <i>Project Maths</i> in iar-bhunscoileanna.• Tugadh isteach samhlacha nua agus athbhreithnithe cigireachta, cigireachtaí leantacha san áireamh. Tugadh isteach ceistneoirí tuismitheoirí agus daltaí i gcigireachtaí.• Thosaigh an Chigireacht ar sholáthar comhairle do scoileanna maidir le SSE.
<p>Torthaí dearfacha:</p> <ul style="list-style-type: none">• I mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna araon, bhreathnaigh cigirí leibhéal torthaí foghlama agus úsáid chuí modhanna múinte sa Bhéarla a bhí sásúil nó níos fearr ná sásúil.• Sa Mhatamaitic, ag an mbunleibhéal, breathnaíodh torthaí foghlama a bhí sásúil nó níos fearr ná sásúil in 85% de cheachtanna a ndearnadh cigireacht orthu, agus modhanna múinte sásúil nó níos fearr in 83% de cheachtanna.
<p>Réimsí atá le forbairt:</p> <ul style="list-style-type: none">• Bhí pleanáil níos lú ná sásúil i mbreis agus 25% de bhunscoileanna. Breathnaíodh rátaí níos ísle na sásúil i bhfoghlaím daltaí agus i gceachtanna sa Mhatamaitic ag an iar-bhunleibhéal.• Bhí lochtanna suntasacha ar chleachtais mheasúnachta ag an mbunleibhéal sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic (25%, 29% faoi seach) agus ag an iar-bhunleibhéal, bhí cleachtais níos lú ná sásúil i 23% de scoileanna.
<p>Impleachtaí / Gníomhartha</p> <ul style="list-style-type: none">• Ar an iomlán, bhí spás ann le haghaidh forbartha sa pleanáil ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal, agus in úsáid modhanna múinte agus acmhainní don Bhéarla agus don Mhatamaitic, agus i gcleachtais mheasúnaithe go ginearálta.